# Bleachtaire

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br>• Réasúnaíocht - rudaí a rangú in aicmí loighciúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog, cuartha, díreach, coirnéal, taobh, slios, trádaire gainimh, mála mothúcháin, bosca salainn, bosca draíochta |
| **Áiseanna** | tacar de chruthanna 2T (cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog), trádaire gainimh, mála céadfach, bosca salainn, bosca cairtchláir, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Tá Mol Mata trína chéile maidir leis an gcuma atá ar chruthanna agus a gcuid difríochtaí. Ba mhaith le Mol Mata go gcabhrófá leis seo a fhiosrú mar bhleachtaire. An féidir leat cabhrú le Mol Mata?

### 1 Gníomhaíocht 1

Tugtar tacar de thrí/cheithre chruth isteach (cearnóg, ciorcal, triantán agus dronuilleog). Cuirtear gach cruth thart ar an rang. Pléitear ainmneacha agus airíonna na gcruthanna. Ceisteoidh an múinteoir na daltaí agus roinnfidh siad a gcuid smaointe. Ba mhaith le Mol Mata a fháil amach cén áit a bhfuil na cruthanna seo sa timpeallacht.

### 2 Gníomhaíocht 2

Úsáideann an múinteoir an Uirlis Sórtála Mol Mata chun an tacar de chruthanna a léiriú ar an gclár agus cuireann sé tacar comhfhreagrach de chruthanna i bhfolach go rúnda sa tráidire gainimh/mála céadfach/bosca salainn/bosca cairtchláir. Míníonn an múinteoir go bhfuil cabhair na ndaltaí ag teastáil ó Mol Mata chun cruthanna a chuardach, ach níl cead acu breathnú ar na cruthanna. Cuardaíonn na daltaí an tráidire gainimh go dtí go n-aimsíonn siad cruth. Braitheann siad thart ar an gcruth agus díríonn siad a méar ar an gcruth comhfhreagrach ar an Uirlis Sórtála Mol Mata. Ansin, baineann an dalta an cruth folaithe chun an cruinneas a sheiceáil. Ainmníonn an dalta an cruth.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cuireann an múinteoir cruth amháin i mbosca draíochta. Tagann dalta amháin chun tosaigh chun breathnú ar ábhar an bhosca draíochta fad a chomhaireann daltaí eile go dtí 10. (Tugann sé sin am don mhúinteoir cabhrú leis an dalta airíonna an chrutha a shainaithint). Déanann an dalta cur síos ar an gcruth, a chuid airíonna in úsáid aige. Déanann an rang iarracht a thomhas cén cruth atá sa bhosca draíochta.

### 4 Gníomhaíocht 4

Ba mhaith le Mol Mata a fháil amach an bhfuil cearnóga, ciorcail, triantáin agus dronuilleoga i bhfolach i bhfearann na scoile. Téann na daltaí ar thóraíocht chrutha. Déanann na daltaí iarracht na cruthanna sa timpeallacht a aithint, agus míníonn siad na hairíonna a fheiceann siad. Ar theacht ar ais chuig an seomra ranga dóibh, déanann siad taifead ar na cruthanna a fheiceann siad sa timpeallacht.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad slios atá ar x?<br>• Cé mhéad coirnéal atá ar x?<br>• Cad iad na cruthanna a bhfuil an líon sleasa/coirnéal céanna acu?<br>• Cad iad na cruthanna a bhfuil sleasa cuartha acu?<br>• Cad iad na cruthanna a bhfuil sleasa díreacha acu? | • Conas atá na cruthanna seo mar an gcéanna?<br>• Conas atá na cruthanna seo difriúil?<br>• Cad é atá ar eolas agat faoi gach cruth?<br>• Cad a fuair tú amach?<br>• Cad is féidir leat a insint dom faoi na cruthanna?<br>• Sa tráidire gainimh, bhí 7 slios ar na cruthanna san iomlán. Cad iad na cruthanna a d'fhéadfadh a bheith sa tráidire? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Socraigh líon na gcruthanna de réir mar is gá.